# An Tionscadal um Eispéiris Mná Imirceacha agus Grúpaí Mionlaigh Eitneacha ar Sheirbhísí Máithreachais in Éirinn.



Bí linn chun seirbhísí máithreachais na hÉireann a fheabhsú do chách.

Scan é seo chun tuilleadh eolais a fháil faoin tionscadal seo.

## CABHRAIGH LINN FEABHAS A CHUR AR SHEIRBHÍSÍ MÁITHREACHAIS IN ÉIRINN.

Tá líon na ndaoine ó chultúir agus cúlraí eitneacha éagsúla in Éirinn ag dul i méid i gcónaí. Léiríonn an fhianaise idirnáisiúnta éagothromaíochtaí i measc mná ó ghrúpaí imirceacha agus mionlaigh eitneacha a bhaineann leas as seirbhísí máithreachais i dtíortha ardioncaim. D'fhéadfadh torthaí sláinte níos measa a bheith mar thoradh air seo don mháthair agus don leanbh. Tá cúram máithreachais atá measúil, eolasach agus sábháilte dlite do gach aon bhean.

Faraor, is minic a bhraitheann mná ó chúlraí imirceacha agus mionlaigh eitneacha nach ndéantar cumarsáid éifeachtach leo, nach gcaitear go tuisceanach leo, agus nach mbíonn siad páirteach sna cinntí a dhéantar faoina gcuid cúraim. Tá eolas maidir le do chuid eitneachais de dhíth orainn chun eolas a bhailiú agus chun díriú ar na réimsí is gá a fheabhsú.

Cork University Maternity Hospital

MEMProject@ucc.ie

## BÍ PÁIRTEACH

Molaimid duit an t-eolas seo a chur ar fáil, má tú sásta é sin a dhéanamh. Cabhróidh d'ionchur linn timpeallacht chúram sláinte níos cuimsithí agus níos éifeachtaí a chruthú do chách.

## CEISTEANNA?

Má tá ceist ar bith agat faoi na cúiseanna atá an t-eolas seo á bhailiú againn nó faoi conas a úsáidfear é, ná bíodh leisce ort teagmháil a dhéanamh linn. Táimid anseo chun tuilleadh eolais a chur ar fáil agus chun aghaidh a thabhairt ar ábhar imní ar bith a d'fhéadfadh a bheith ort.

TEAGMHÁIL: MEMProject@ucc.iee

Go raibh maith agat as cabhrú linn ár seirbhísí a fheabhsú agus cúram cothrom a chinntiú do gach uile othar.

## FÁILTE GO hOSPIDÉAL MÁITHREACHAIS NA hOLLSCOILE, CORCAIGH

Mar chuid dár dtiomantas leanúnach cúram cothrom atá ar ardchaighdeán a chur ar fáil, tá eolas á lorg againn faoi d'eitneachas. Mínítear sa bhileog seo an chúis atá na sonraí seo á mbailiú againn, mar a úsáidimid na sonraí sin, agus mar a dhéanaimid do phríobháideachas a chosaint

### CAD IS EITNEACHT ANN?

Eitneacht is ea do chúlra cultúrtha agus sinsir. Áirítear ann stair, traidisiúin agus teanga chomhchoiteann. Bíonn reiligiún comhchoiteann i gceist uaireanta. Ní hionann í agus náisiúntacht nó saoránacht.

De ghnáth, baineann náisiúntacht leis an tír ina bhfuil tú i do shaoránach.

Is í saoránacht do stádas dlíthiúil i dtír ar leith. Baineann cearta leis, amhail pas a fháil nó a bheith in ann vóta a chaitheamh.

## AN CHÚIS A BHAILÍMID SONRAÍ MAIDIR LE CÚRSAÍ EITNEACHTA

**Bearnaí Cúraim a Shainaithint:**
Cuidíonn sonraí eitneachta linn difríochtaí i dtorthaí sláinte a aithint agus aghaidh a thabhairt ar éagsúlachtaí chun cúram a fheabhsú do gach othar.

**Seirbhísí a Fheabhsú:**
Trí eolas a fháil ar chúlra eitneach ár n-othar, is féidir linn ár seirbhísí a oiriúnú, tacaíocht atá íogair ó thaobh an chultúir de a chur ar fáil agus inrochtaineacht a fheabhsú.

**Comhlíonadh Dlíthiúil:**
Cabhraíonn bailiú na sonraí seo linn ceanglais dhlíthiúla a chomhlíonadh agus seasann sé le polasaithe a chuireann comhionannas chun cinn agus a chuireann cosc ar idirdhealú i gcúram sláinte.

Cork University Maternity Hospital

MEMProject@ucc.ie

IRELAND SOUTH WOMEN & INFANTS DIRECTORATE | UCC University College Cork, Ireland Coláiste na hOllscoile Corcaigh

## CÉN TÁBHACHT A BHAINEANN LE DO SONRAÍ EITNEACHTA

Trí d'eitneachas a chur in iúl dúinn, tá súil againn:

Go gcuirfear leis an eolas atá againn ar dhifríochtaí sláinte idir grúpaí mionlaigh agus grúpaí tromlaigh agus tosú ar aghaidh a thabhairt ar na difríochtaí sin.

Go gcuirfear feabhas ar inniúlacht chumarsáide agus chultúrtha Sainaithint a dhéanamh ar éagothromaíochtaí ó thaobh rochtana agus cháilíocht an chúraim, agus aghaidh a thabhairt orthu.

Plean feabhsaithe cáilíochta a fhorbairt chun éagothromaíochtaí a laghdú agus eispéireas níos fearr a chur chun cinn do gach othar a úsáideann seirbhísí Ospidéal Máithreachais na hOllscoile, Corcaigh